An Roinn Oideachais
Department of Education

# Filleadh ar scoil: Tuairisc ar ghrúpaí fócais le daltaí agus scoláirí

## Samhain 2020

An Chigireacht
An Roinn Oideachais
Feabhra 2021

# Clár


**1. Réamhrá 3**

**2. Tionscadal taighde grúpaí fócais na Cigireachta: Forléargas 4**

2.1 Cúlra an tionscadail 4
2.2 Scoileanna a ghlac páirt sna grúpaí fócais 4
2.3 Stiúradh na ngrúpaí fócais 5
2.4 Leagan amach an ghrúpa fócais 6
2.5 Roghnú rannpháirtithe na ngrúpaí fócais 7

**3. Cad a dúirt na leanaí agus na daoine óga 8**

**4. Ar ais ar scoil: Príomhtheachtaireachtaí 9**

4.1 Ar Ais ar Scoil: Smaointe agus barúlacha 10

**5. Obair scoile agus foghlaim: Príomhtheachtaireachtaí 15**

5.1 Obair scoile agus foghlaim: Smaointe agus barúlacha 16

**6. Aiseolas ó na grúpaí fócais: Éifeacht agus tionchar 21**

6.1 Samhail Rannpháirtíochta Lundy agus tionscadal na ngrúpaí fócais 21
6.2 Straitéisí aiseolais 22

**7. Conclúid 23**

**Aguisín A: Breis faisnéise maidir le tagairtí tábhachtacha sa tuairisc seo 24**

**Aguisín B : Réasúnaíocht an ghrúpa fócais 25**

# 1. Réamhrá

Tugtar sa tuairisc seo torthaí chruinnithe grúpaí fócais le daltaí agus scoláirí a rinne Cigireacht na Roinne Oideachais i líon beag bunscoileanna agus iarbhunscoileanna go déanach i mí na Samhna 2020. Is ceann amháin é de shraith tuairiscí ar ghníomhaíocht taighde na Cigireachta i scoileanna le linn na scoilbhliana 2020/21. Is é an dara tuairisc é ar thaighde trí ghrúpaí fócais le daltaí/scoláirí a rinneadh ó mhí Mheán Fómhair 2020 i leith.

# 2. Tionscadal taighde grúpaí fócais na Cigireachta: Forléargas

## 2.1 Cúlra an tionscadail

Ba é an cuspóir a bhí le grúpaí fócais a thionól ag an am seo ná éisteacht le taithí leanaí agus daoine óga agus í a thuiscint d'fhonn:

- cinntí beartais a threorú agus tuilleadh treorach agus tacaí a soláthar do scoileanna, múinteoirí, leanaí agus daoine óga
- dea-chleachtas a aithint i scoileanna trí léargas na ndaltaí agus na scoláirí agus a dtaithí ar an scoil sa téarma Meán Fómhar - Nollaig 2020
- tiomantas na Cigireachta do ghuth an dalta/scoláire agus prionsabail Shamhail Rannpháirtíochta Leanaí Lundy a bhaint amach[1].

Bhí cuspóir agus fócas na hoibre cosúil leo sin a bhí ag na grúpaí fócais a eagraíodh i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2020.

## 2.2 Scoileanna a ghlac páirt sna grúpaí fócais

Tionóladh grúpaí fócais in aon scoil déag i mí na Samhna 2020. Bhí sé bhunscoil agus cúig iarbhunscoil rannpháirteach.

- Bhí scoileanna DEIS[2], Gaelscoileanna, scoileanna tuaithe agus uirbeacha, beaga agus móra, aon-inscne agus comhoideachais san áireamh.
- Eagraíodh gach grúpa fócais i suíomh scoile.
- Iarradh ar gach scoil a chur in iúl dá mbord bainistíochta agus/nó dá bhfoirne bainistíochta sinsearacha go raibh an scoil rannpháirteach i dTionscadal Grúpaí Fócais na Cigireachta.

[1] Tá Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020 (An Roinn Oideachais agus Gnóthaí Óige, 2015), faoi threoir ag Samhail Rannpháirtíochta Lundy. Déan tagairt do Aguisín A.
[2] Is scoileanna iad scoileanna DEIS atá rannpháirteach in *Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS)* Plean Gnímh na Roinne um Chuimsiú Oideachais.

## 2.3 Stiúradh na ngrúpaí fócais

| Rialacháin COVID agus Prótacail Scoile | Grúpa Fócais éagsúla Sóisearacha agus Sinsearacha | Aontú agus Toiliú |
|---|---|---|

### *Rialacháin COVID-19 agus Prótacail na Scoileanna*

Bhí rialacháin, treoirlínte sláinte agus sábháilteachta agus prótacail na scoileanna maidir le COVID fíorthábhachtach in eagrú agus i stiúradh na ngrúpaí fócais sna scoileanna. Leanadh treoir na Cigireachta maidir le cuairteanna um Thacú le Soláthar Sábháilte na Scolaíochta (TSSS) agus prótacail na Cigireachta um Fhilleadh go Sábháilte ar Obair ar an Láthair d'fhonn a chinntiú go ndearnadh soláthar le haghaidh sábháilteacht rannpháirtithe na ngrúpaí fócais, phearsanra na scoileanna agus na gcigirí.

### *Grúpaí Fócais Sóisearacha agus Sinsearacha ar leith*

Reáchtáladh grúpaí fócais sinsearacha agus sóisearacha ar leith i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna araon.  Léirigh sé seo na riachtanais maidir le scaradh sóisialta agus an gá a bhí le meas a léiriú ar bholgóidí agus faighneoga. Mar a tugadh faoi deara sna grúpaí fócais roimhe seo, bhí toradh nach rabhthas ag súil leis ar an socrú seo: eispéireas idirghníomhaíochta níos fearr mar gheall ar líon beag na rannpháirtithe agus seans níos fearr go mbeadh a n-eispéireas á gcomhroinnt ag na rannpháirtithe lena chéile.

I gcásanna nuair nach raibh an grúpa fócais comhdhéanta ach de ghrúpa bliana nó de ghrúpa ranga amháin mar gheall ar na nósanna imeachta a bhain le faighneoga nó le hobair le scoil nua, labhair na rannpháirtithe amach gan srian i gcónaí. Dúirt cuid de na rannpháirtithe go raibh sé cosúil le 'tosú ar thuras úr le chéile' nuair nach raibh ach rang amháin nó grúpa bliana amháin le chéile agus 'nach mbeadh siad leo féin' agus 'nach mbeadh aon duine ag déanamh breithiúnais orthu…'

| Grúpa Fócais Sóisearach Bunscoile | Grúpa Fócais Sinsearach Bunscoile | Grúpa Fócais Sóisearach Iarbhunscoile | Grúpa Fócais Sinsearach Iarbhunscoile |
|---|---|---|---|
| • Rang 1<br>• Rang 4 | • Rang 5<br>• Rang 6 | • 1ú Bliain<br>• 2ú Bliain<br>• 3ú Bliain | • Idirbhliain<br>• 5ú Bliain<br>• 6ú Bliain |

### *Aontú agus Toiliú*

De réir an chleachtais is fearr maidir le hobair le leanaí agus daoine óga, agus ag aithint go raibh an ceart acu a bheith rannpháirteach nó gan a bheith, iarradh ar scoileanna a chinntiú

go raibh aontú an dalta/ an scoláire agus toiliú an tuismitheora/an chaomhnóra faighte roimh na cruinnithe.[3] Chomh maith leis sin, iarradh ar gach scoil a bhí rannpháirteach a chur in iúl dá mbord bainistíochta agus/nó dá bhfoirne bainistíochta sinsearacha go raibh an scoil rannpháirteach i dTionscadal na nGrúpaí Fócais.

## 2.4 Leagan amach an ghrúpa fócais

Úsáideadh na hábhair plé céanna, le tacaíocht ó líon beag ceisteanna treoracha, agus a úsáideadh leis na grúpaí fócais i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2020. Bhí an t-am a tugadh do réimsí ar leith agus mionsonraí na gceisteanna ar tugadh fúthu éagsúil idir na grúpaí ag brath ar an idirghníomhaíocht leis na rannpháirtithe, de réir an chleachtais is fearr le haghaidh grúpaí fócais. Tugadh faoi na príomhábhair agus na ceisteanna tacaíochta trí rúibric inar pléadh cad a bhí ag obair go maith, agus trí na dúshláin a aithint.

**Ag breathnú siar**

- An cuimhin leat conas a bhí sé nuair a bhí ort an scoil a fhágáil i mí Mhárta? Conas a mhothaigh tú?
- An cuimhin leat conas a bhí sé an obair scoile a dhéanamh sa bhaile?

**Ar ais ar scoil**

- Conas a bhí sé duit dul ar ais ar scoil don scoilbhliain nua?
- Cad a chabhraidh leat a bheith ar do shuaimhneas i dtaobh teacht ar ais ar scoil?
- Cad a bhí deacair i dtaobh teacht ar ais ar ar scoil?
- An raibh rúdaí eile ann a d'fhéadfadh cabhrú leat?

**Obair Scoile agus foghlaim**

- Conas atá sé a bheith ar ais ag déanamh obair scoile sa scoil?
- Cad atá ag tarlú sna ceachtanna chun cabhrú le gach duine foghlaim agus obair scoile a dhéanamh?
- Cad atá deacair faoi fhoghlaim agus obair scoile agus tú ar ais ar scoil anois?
- Cad a dhéanfadh níos fearr é, dar leat?

**Cad atá dearmadta againn?**

- An féidir leat smaoineamh ar aon rud atá dearmadta?
- Ar cheart aon rud a dhéanamh ar bhealach eile?
- Ar cheart go mbeadh aon rud eile ag tarlú chun cabhrú leat foghlaim agus ionas go n-éireoidh go maith leat ar scoil?

[3] Soiléiríodh do dhaltaí/scoláirí agus dá dtuismitheoirí go raibh an rogha ag daltaí/scoláirí a rannpháirtíocht sna grúpaí focais a stopadh ag aon am le linn an phróisis.

## 2.5 Roghnú rannpháirtithe na ngrúpaí fócais

Iarradh ar phríomhoidí scoileanna grúpa ionadaíoch cuimsitheach de rannpháirtithe a ainmniú do na grúpaí fócais. Áiríodh sna critéir roghnaithe:

- Rannpháirtíocht dhearfadh le linn dúnadh na scoile
- Easpa rannpháirtíochta nó rannpháirtíocht lag le linn tréimhse dúnta na scoile
- Réimse leibhéil ghnóthachtála
- Gach clár scoile, mar shampla, Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF), Idirbhliain (IB)

D'fhonn an réimse guthanna a bheadh le cloisteáil sna grúpaí fócais a leathnú a oiread agus ba fhéidir, spreagadh na rannpháirtithe lena dtaithí féin agus taithí a gcairde agus a gcomhghleacaithe ranga a roinnt nuair a bhí sé sin cuí agus ábhartha.

# 3. Cad a dúirt na leanaí agus na daoine óga

De réir mhodheolaíocht an ghrúpa fócais, níor léirigh an t-aiseolas ó ghrúpaí fócais conair líneach trí sheicheamh réamhshainithe de cheisteanna agus ábhair. Is amhlaidh go raibh na rannpháirtithe i mbun próisis orgánaigh machnaimh a bhí faoi threoir ag na príomhábhair plé a bhain lena dtaithí ar dhúnadh na scoile, ar fhilleadh ar an scoil agus ar fhoghlaim i dtimpeallacht athraithe. D'eascair tuairimí agus machnamh as an bpróiseas seo agus pléitear iad thíos.

Bhreathnaigh an t-ábhar plé deireanach ar an gceist "cad atá dearmadta againn?" Go ginearálta, réitigh formhór na míreanna a tugadh faoi deara le linn na ngrúpaí fócais go réidh le ceann nó eile de na príomhréimsí a pléadh le linn na ngrúpaí fócais i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2020. I mí na Samhna 2020, d'úsáid rannpháirtithe na ngrúpaí fócais an deis seo níos mó chun machnamh a dhéanamh ar na pointí a mhothaigh siad a bheith tábhachtach le linn an phlé agus iad a threisiú nó le réimsí a raibh níos mó tacaíochta agus treorach ag teastáil uathu a lua. I measc na saincheisteanna áirithe a luaigh na rannpháirtithe bhí:


- Gur theastaigh ó dhaltaí agus scoláirí a bheith páirteach i bplé agus gur iarr siad cead aiseolas a thabhairt maidir le réimsí a bhain go díreach leo. Mar shampla, teastaíonn uathu go gcuirfí ceist orthu cad a shíl siad faoi na gnáthaimh agus na rialacha sábháilteachta ar scoil agus cad a shíl siad faoi COVID-19. Dúirt siad siúd a luaigh é seo nach ceart go mbeadh daoine eile ag labhairt ar a son i gcónaí.
- Thug roinnt daltaí bunscoile le fios gur theastaigh uathu go mbeadh níos mó spraoi ag baint le foghlaim.
- Do dhaltaí/ scoláirí áirithe, bhí iompar poiblí ina údar imní agus rinne sé an lá níos faide dóibh.

D'iarr rannpháirtithe na ngrúpaí fócais i mí na Samhna freisin go gcuirfí ceisteanna sonracha agus d'éascaigh na cigirí na hiarratais sin. Bhí an cheist, 'An mothaíonn tú sábháilte ar scoil?' ina measc. Cé gur aontaigh na rannpháirtithe go mór gur mhothaigh siad sábháilte, léiríonn an t-iarratas go gcuirfí ceisteanna a bhain le COVID san áireamh, agus an tráchtaireacht leitheadach a rinne daltaí agus scoláirí faoi nósanna imeachta COVID i rith a lán de na seisiúin sna grúpaí fócais, an tionchar suntasach a bhí ag an bpaindéim agus ag na socruithe sábháilteachta a d'eascair as ar na daltaí agus ar na scoláirí.

Le tuiscint a fháil ar thaithí na ndaltaí agus na scoláirí ar a bheith ar ais ar scoil sa chéad téarma den scoilbhliain i gcomparáid le tréimhse dúnta na scoileanna, chaith éascaitheoirí na ngrúpaí fócais roinnt ama ag iarraidh ar na scoláirí 'breathnú siar' ar thréimhse dúnta na scoileanna agus ar laethanta luatha athoscailte na scoileanna.

# 4. Ar ais ar scoil: Príomhtheachtaireachtaí

Agus iad ag caint faoi bheith ar ais ar scoil, iarradh ar na rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar a dtaithí ar fhilleadh ar an scoil agus ar na treoirlínte sláinte agus sábháilteachta a bhí i bhfeidhm ó athosclaíodh na scoileanna i mí Mheán Fómhair 2020.




Na príomhphointí a tháinig chun cinn:

- Ar an iomlán, bhí na daltaí agus na scoláirí sásta a bheith ar ais ar scoil. Thug siad le fios gur fearr leo go mór a bheith ar scoil ná ag obair ón mbaile.
- Bhí tuiscint bhreise ag na daltaí agus na scoláirí ar na rialacha agus na nósanna imeachta nua maidir le COVID-19 agus labhair siad go seasta faoi na bearta a bhí i bhfeidhm ar scoil le scaipeadh an víris a theorannú. Cé gur thuig siad na bearta a bhí i bhfeidhm agus gur mhothaigh siad sábháilte mar gheall ar na bearta seo, labhair na rannpháirtithe faoin tuirse a chuir na bearta sin orthu.

- Luaigh na rannpháirtithe tionchar na rialacha nua, go háirithe úsáid mascanna agus an scaradh sóisialta, ar a n-eispéireas ar scoil agus ar a n-idirghníomhaíocht le daoine eile arís agus arís eile  Chuir sé isteach ar rannpháirtithe na ngrúpaí fócais go mór nach raibh siad ábalta a bpiaraí nó na múinteoirí a chloisteáil agus iad ag caint, nó mothúcháin a léamh nó a mheas mar gheall ar na mascanna. Bhí sé deacair do roinnt scoláirí cairde a dhéanamh leis na mascanna agus aithne a chur ar na múinteoirí.
- Luaigh na rannpháirtithe ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile chomh tábhachtach is a bhí an teagmháil shóisialta lena gcairde agus lena bpáirtithe ranga. Luaigh siad chomh maith an ról ba cheart a bheith ag an scoil in eagrú agus in éascú idirghníomhaíochtaí sóisialta. I measc na moltaí a rinne na rannpháirtithe, bhí 'seomraí a mhalartú ar mhaithe leis na seomraí is mó a thabhairt do na leanaí is mó', 'níos mó deiseanna idirghníomhaíochta idir grúpaí bliana (lasmuigh)' agus seomraí imill agus roinnteoirí Perspex idir scoláirí a úsáid.
- Léirigh na rannpháirtithe go leor aibíochta agus iad ag machnamh ar eispéireas scoile atá an-éagsúil anois do leanaí agus do dhaoine óga.  Cé gur chronaigh na rannpháirtithe go mór cailliúint na ngníomhaíochtaí a rinneadh roimhe seo, thuig siad freisin gur bhain buntáistí áirithe leis an mbealach nua chun rudaí a dhéanamh.

## 4.1 Ar Ais ar Scoil: Smaointe agus barúlacha

Cé gur tháinig a lán de na téamaí a luadh i ngrúpaí fócais Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair chun cinn arís, rinne na daltaí agus na scoláirí i ngrúpaí fócais mhí na Samhna caint níos déine faoi gach téama. D'fhéadfadh sé gur tharla sé seo mar go raibh tuiscint na ndaltaí/scoláirí faoi fheidhmiú na nósanna imeachta COVID níos bunaithe ag an bpointe seo den scoilbhliain agus go raibh níos mó muiníne acu as labhairt faoi na téamaí seo dá bharr sin. D'fhéadfadh sé chomh maith go raibh tionchar na mbearta ar na daltaí agus na scoláirí níos soiléire i mí na Samhna. Dá ainneoin sin, chuir na rannpháirtithe i ngrúpaí fócais mhí na Samhna 2020 béim ar an mothúchán láidir pobail a bhí ina scoileanna agus ar an tuiscint a bhí acu go raibh na príomhoidí agus na múinteoirí ag déanamh a ndíchill.

### *Buíochas as a bheith ar ais ar scoil*

Labhair rannpháirtithe na ngrúpaí fócais faoin imní a bhí orthu maidir le filleadh ar an scoil i mí Mheán Fómhair, lena n-áirítear a bheith neirbhíseach faoi iompar poiblí a úsáid le dul ar scoil. Ar an lámh eile, labhair siad chomh maith faoi na sceitimíní a bhí orthu agus faoi a bheith buíoch go raibh siad ar ais ar scoil, rud a thug le fios gurbh fhearr leo go mór a bheith ar scoil ná ag obair ón mbaile.  Dúirt na scoláirí go raibh áthas orthu a bheith lena gcairde agus go raibh faoiseamh ar fáil mar go raibh a fhios acu go raibh a gcuid múinteoirí ar ais ar scoil chomh maith.

**Dalta bunscoile**
Bíonn sé i bhfad níos éasca nuair a bhíonn na múinteoirí ann agus tosaíonn tú ag tuiscint i ndáiríre.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Bíonn spreagadh na múinteoirí agus an méid a bhíonn siad ag súil leis ag teastáil uaim le hobair a chríochnú.

**Dalta bunscoile**
Is maith liom gnáthamh na scoile go mór.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Bhí mé níos sona ná mar a bhí mé i mblianta eile ag dul ar scoil.

**Dalta bunscoile**
Níor shíl mé go raibh aon rud nua á fhoghlaim agam sa bhaile. Bhí muid ag foghlaim i ndáiríre nuair a bhí muid ar scoil.

**Dalta bunscoile**
Bhí eagla orm nach mbeadh seans agam meascadh le mo chairde agus go mbeimis sáite in aon chathaoir amháin ar feadh an lae.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Bhí mise sásta go pearsanta, ag amharc siar air, ba mhór an tionchar a bhí aige orm sa tríú bliain...

**Dalta bunscoile**
Thaitin an scolaíocht bhaile liom ar dtús, ach anois ní theastaíonn uaim cloisteáil faoi go deo arís.

### *Tuiscint mhéadaithe ar na rialacha nua*

Thuig na rannpháirtithe i ngrúpaí fócais mhí na Samhna tábhacht na rialacha nua maidir le hiad féin agus a muintir a choinneáil sábháilte ach níorbh aon iontas é gur léirigh a gcuid freagraí chomh maith méid áirithe tuirse agus frustrachais le feidhmiú leanúnach na mbearta. Thug scoláirí in iar-bhunscoileanna go háirithe faoi deara gurb é an beartas COVID an beartas ba mhó a cuireadh i bhfeidhm go seasta ina scoileanna. Léirigh daltaí agus scoláirí tuiscint shoiléir ar an bhfáth gur tugadh faoi na nósanna imeachta sábháilteachta agus d'aithin siad naisc chuí le prótacail COVID mar a thug rannpháirtí amháin le fios, 'Cuireadh daltaí abhaile má rinne siad casacht.'

Luaigh scoláirí iar-bhunscoile go raibh drogall orthu uaireanta idirghníomhú a dhéanamh lena bpiaraí mar gur thuig siad nach raibh a fhios acu cá raibh a bpiaraí agus cé leis a raibh siad i dteagmháil. Dúirt na scoláirí seo gur eascair a ndrogall as cúinsí éagsúla, lena n-áirítear postanna a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, go háirithe má bhí na tuismitheoirí/caomhnóirí ag obair i gcúram sláinte, agus/nó má bhí duine ar lagchuidiú nó scothaosta ina gcónaí sa bhaile leo.

Cé go raibh tuirse áirithe orthu mar gheall ar na bearta a bhí i bhfeidhm maidir le COVID-19, léirigh daltaí  agus scoláirí leibhéal ard spéise i rochtain a bheith acu ar gach faisnéis ábhartha faoi na nithe a raibh tionchar acu orthu. Dúirt siad gur theastaigh níos mó cumarsáide uathu maidir le COVID-19 agus luaigh siad bealaí a bhféadfaí é seo a dhéanamh, mar shampla fógraí sainiúla a bhféadfadh daltaí agus scoláirí éisteacht leo, nó "litreacha abhaile chun an staid nua a mhíniú' (an timpeallacht foghlama).

**Dalta bunscoile**
Nuair a chuala mé go ndúirt an WHO gur maith an rud é masc a chaitheamh agus nuair a chonaic mé gur chaith na múinteoirí go léir mascanna bhí mé ar mo shuaimhneas.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Tá an beartas COVID an-chuimsitheach. Bhí sé soiléir; bhí gach ábhar agus gach roinn ag obair agus ag gníomhú mar an gcéanna.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Mar gheall ar an scaradh sóisialta bhí sé deacair dom cairde nua a dhéanamh.

**Dalta bunscoile**
D'athraigh roinnt rudaí sa seomra ranga. Bíonn orainn sláintiú a dhéanamh ag teacht isteach agus amach.

**Scoláire iar-bhunscoile**
(Tá mé) neirbhíseach faoi chairde a dhéanamh, nuair nach mbíonn a fhios agat cá raibh siad nó cé leis a bhí siad...

**Dalta bunscoile**
Nuair a bhím sa rang, bím ag pleidhcíocht le mo chairde i gcónaí agus tá sé deacair smaoineamh ar an ngá atá le scaradh sóisialta.

### *Tionchar rialacha COVID-19 ar scoil*

Bhí tuiscint níos géire ann freisin faoi thionchar na nósanna imeachta agus na bprótacal maidir le COVID-19 ar dhaltaí agus ar scoláirí ná mar a bhí le feiceáil i measc na rannpháirtithe sna grúpaí fócais níos luaithe i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2020.

Thagair scoláirí iar-bhunscoile go príomha do chaitheamh na mascanna acu féin agus don tionchar a bhí aige seo ar a n-eispéiris foghlama. Luaigh scoláirí na chéad bhliana gur chuir caitheamh na mascanna acu féin agus ag daoine eile ar scoil isteach ar a gcumas chun cairde a dhéanamh.  Labhair daltaí bunscoile go dearfa faoi na múinteoirí a bheith ag caitheamh mascanna agus gur mhothaigh siad sábháilte mar gheall air sin. Ach léirigh siad

frustrachas áfach, mar nach raibh siad in ann an múinteoir a thuiscint le masc ná dreach an mhúinteora a fheiceáil.

Bhain idir glacadh agus frustrachas le dearcadh na rannpháirtithe ar bhearta scaradh sóisialta ar nós faighneoga agus bolgóidí. Mhothaigh daltaí agus scoláirí áirithe go raibh na scoileanna an-dian agus mhothaigh daltaí agus scoláirí eile gur mhaith leo níos mó maoirseachta agus meabhrúcháin faoin scaradh sóisialta. I roinnt cásanna, theastaigh níos mó maoirseachta agus spáis ó dhaltaí agus scoláirí le linn amanna sosa mar nach rabhthas ag cloí sách dian le scaradh sóisialta ag na hamanna seo.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Níl a fhios agam i ndáiríre cén chuma atá ar na múinteoirí ná ar an bpríomhoide cé go bhfuil aithne curtha againn ar a nguthanna. Ba mhaith an rud é dá mbeadh níos mó grianghraf díobh ar fáil.

**Dalta bunscoile**
Ní féidir linn an múinteoir a chloisteáil agus a beola a léamh go maith mar gheall ar na mascanna

**Scoláire iar-bhunscoile**
…níos lú spáis le bogadh thart ... agus tá sé deacair scaradh sóisialta a dhéanamh. Tá orainn níos mó bearta sábháilteachta a chleachtadh le bheith sábháilte.

**Dalta bunscoile**
(Is gá) an clós a úsáid níos mó le níos mó maoirseachta agus a bheith cinnte go bhfuil gach duine ag cloí leis na rialacha.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Tá imní orm faoi COVID a thabhairt do bhaill den teaghlach atá scothaosta nó a bhfuil bunghalair orthu.

### *"Bhí an gnáthrud éagsúil"*

Labhair na rannpháirtithe faoin mearbhall a bhí orthu ar dtús faoi bheith ar ais ar scoil agus conas a oibreodh sé mar go raibh na socruithe nua a bhain leis an bpaindéim chomh difriúil ó na socruithe roimhe seo.  Léirigh roinnt de na rannpháirtithe gur baineadh siar astu go mbeadh an 'oiread sin daoine i seomra agus dúirt daoine eile go raibh sé deacair dul i dtaithí ar bhearta a bhain le COVID ar nós glantachán breisithe a bhí á dhéanamh gach lá. Labhair rannpháirtithe go dearfach faoi chórais agus athruithe nua, mar shampla sosanna agaithe agus a bheith gan locair. Bhraith siad uathu na barróga agus nuair a rinne siad cur síos ar

mar a bhí rudaí ar scoil, léirigh siad cumha faoi ghníomhaíochtaí a rinneadh cheana. Labhair daltaí agus scoláirí faoi chleachtais éagsúla i scoileanna maidir le gníomhaíochtaí seach-churaclaim a eagrú agus úsáid agus rochtain an chlóis agus/nó threalamh spóirt.

**Dalta bunscoile**
Ní féidir leat barróg a thabhairt do do chara nach bhfaca tú le fada.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Is féidir le leanaí scoile traenáil lasmuigh den scoil agus ní féidir leo é a dhéanamh ar scoil.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Ní maith linn a bheith ag ithe sa seomra bunáite.

**Dalta bunscoile**
Bíonn cúntóirí riachtanas speisialta ag imirt linn sa chlós.

**Dalta bunscoile**
Ní féidir bogadh timpeall sa seomra ranga chun cluichí ar nós GoNoodle a imirt anois. Tá sé deacair fanacht ag an deasc agus gan obair a chéile a fheiceáil.


**Scoláire iar-bhunscoile**
Tá níos mó TF[4] á úsáid againn; mar gheall ar COVID, tá an t-aistriú níos tapúla agus níos fearr. Úsáidimid níos lú leabhar agus ní úsáidimid aon locar. Ní bhraithimid uainn na locair.

**Scoláire iar-bhunscoile**
I mbliana, tá níos mó á dhéanamh againn sa rang mar nach mbíonn muid as láthair ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim. Is dea-rud agus drochrud é seo.

[4] Teicneolaíocht na Faisnéise

# 5. Obair scoile agus foghlaim: Príomhtheachtaireachtaí

Roinntear an t-aiseolas a thug daltaí agus scoláirí maidir lena n-eispéiris  foghlama agus a gcuid oibre scoile ó chuaigh siad ar ais ar scoil don scoilbhliain 2020/21 sa roinn seo den tuairisc.




Go hachomair, is iad na príomhphointí a tháinig chun cinn:

- Chuir na rannpháirtithe réimse mothúchán in iúl agus iad ag plé a dtaithí ar obair scoile agus ar fhoghlaim ó chuaigh siad ar ais ar scoil i mí Mheán Fómhair 2020. Léirigh siad díograis i leith a bheith ar ais chomh maith le himní maidir le bearnaí sa

bhfoghlaim agus sa mheasúnú. Bhí siad an-sásta go raibh rochtain éasca acu ar a múinteoir ar scoil.
- Bhí tuiscint an-mhaith ag na rannpháirtithe ar na cuir chuige is fearr a thacaíonn lena bhfoghlaim.
- Thuairiscigh rannpháirtithe go raibh níos lú deiseanna comhoibritheacha agus praiticiúla foghlama á dtabhairt dóibh agus go raibh tionchar diúltach aige seo ar a n-eispéiris foghlama.
- Bhí rannpháirtithe an-dearfach faoin méadú ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha ag a múinteoirí.
- Mhothaigh roinnt rannpháirtithe nár iarraidh aon chomhairle uathu maidir le cinntí a raibh tionchar acu orthu: 'Tá daoine fásta ag déanamh na gcinntí agus na rialacha, ach is iad na leanaí a mhaireann leo.'

## 5.1 Obair scoile agus foghlaim: Smaointe agus barúlacha

Rinne rannpháirtithe na ngrúpa fócais tráchtaireacht leitheadach ar obair scoile agus ar fhoghlaim. Cé go raibh na rannpháirtithe sásta agus buíoch go ginearálta go raibh siad ar ais ar scoil, bhí tuairimí láidre acu faoina n-eispéiris foghlama agus faoi thionchar na gcur chuige teagaisc.

### *Cuir chuige a rinne difríocht*

Bhí an-tuiscint ag na rannpháirtithe faoin tionchar a bhí ag cuir chuige i leith teagaisc agus foghlama ar a gcuid foghlama. Breathnaíodh go han-dearfach ar rochtain a bheith ar fáil ar mhúinteoir ar an láthair go ginearálta mar go raibh sé níos éasca ceisteanna a chur nó gnéithe dá bhfoghlaim a shoiléiriú. Ba léir amhras áirithe a bheith ar rannpháirtithe faoi 'an-chuid ama a bheith caite ag dul siar ar rudaí' ach bhí áthas orthu a thuairisciú go raibh 'níos mó ama tugtha d'fhoghlaim conas (foghlaim)'. Chuir cuid de na rannpháirtithe iar-bhunscoile béim ar chleachtais teagaisc a bhí dírithe ar eolas a thabhairt agus nótaí a ghlacadh in áit rochtain a bheith acu ar théacsleabhair sa rang. Bhí níos lú gníomhaíochtaí praiticiúla agus comhoibritheacha foghlama ina ábhar imní go háirithe do roinnt rannpháirtithe ag an dá leibhéal, bunscoile agus ia-rbhunscoile.

**Dalta bunscoile**
(Tá sé deacair a bheith) Ag smaoineamh ar an meánscoil agus ar na píosaí foghlama nach ndearna muid nó a chaill muid.

**Scoláire iar-bhunscoile**
In ábhair áirithe, tá na múinteoirí ag iarraidh orainn nótaí a ghlacadh mar nach bhfuil an leabhar againn. Tuigtear don mhúinteoir go bhfuil an fhaisnéis ag na scoláirí ach níl sé go maith do na scoláirí; tá an lán (faisnéise) ann.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Tá níos mó nótaí á nglacadh mar nach gceadaítear fótachóipeáil níos mó agus ba chabhair é bainistiú níos fearr a dhéanamh air seo.

**Dalta bunscoile**
Bíonn spraoi ag na múinteoirí fós leis an rang ach bíonn na cluichí teoranta.

### *Gníomhaíocht phraiticiúil*

Thug rannpháirtithe le fios go raibh a n-eispéireas foghlama teoranta i gcásanna áirithe ag na srianta ar ghníomhaíocht phraiticiúil a d'eascair as rialacha COVID-19 a scoile. Mar gheall ar easpa tuairiscithe na foghlama praiticiúla, bhí roinnt rannpháirtithe den tuairim go raibh foghlaim 'níos deacra'. Tuairiscíodh go raibh gníomhaíocht a bhain le hábhair phraiticiúla ar nós Ealaín agus Corpoideachas níos teoranta ná mar a bhí blianta eile cé gur chosúil go raibh an cás ag feabhsú agus an téarma ag dul ar aghaidh.

**Dalta bunscoile**
Tá an Ealaín teoranta anois mar nach féidir linn na hábhair a roinnt le chéile

**Scoláire iar-bhunscoile**
Nuair a bhíonn obair thionscadail á déanamh againn, in Eolaíocht mar shampla, bíonn orainn scaradh sóisialta a chinntiú agus bíonn sé sin an-deacair.

**Dalta bunscoile**
Bíonn an Corpoideachas amuigh faoin aer i gcónaí anois. Ciallaíonn sé sin nach mbíonn aon Chorpoideachas ann ar lá fliuch. Ní féidir an halla/trealamh a úsáid agus bíonn Corpoideachas leadránach, mar an gcéanna i gcónaí.

**Dalta bunscoile**
Tá an Corpoideachas athraithe go mór; ní bhíonn aon rud á imirt againn ach badmantan agus an cluiche corr amuigh faoin aer.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Tá an idirbhliain an-éagsúil. Tá gnéithe praiticiúla an chúrsa go léir imithe.

### *Eispéiris foghlama chomhoibritheacha*

Le linn dóibh a bheith ag caint faoina gcuid foghlama, dúirt daltaí agus scoláirí go ginearálta gur tugadh deiseanna oibre grúpa agus comhoibrithe teoranta dóibh. Luaigh cuid de na rannpháirtithe gur bhrath siad uathu an idirghníomhaíocht le piaraí, ar bhealach sóisialta agus mar thaca dá gcuid foghlama. Dúirt daltaí bunscoile go raibh amhras orthu faoi na faighneoga le tráchtanna ar nós, 'Faighneoga, tá siad deacair. Roghnaíonn na múinteoirí iad'; "Faighneoga, tá a fhios agam go bhfuil siad ann ach ní maith liom iad'. Dá ainneoin sin, bhí daltaí agus scoláirí go mór den tuairim go raibh na scoileanna agus na múinteoirí ag déanamh a ndíchill agus cúrsaí mar atá.

**Dalta bunscoile**
Níl cead againn ár suíocháin a fhágáil.

**Scoláire iar-bhunscoile**
(Tá sé) deacair brath ar ghrúpa beag (faighneog). Má bhíonn tú sáite, níos mó obair i bpéirí (rud atá ceart go leor) mar go bhfuil sé deacair obair leat féin.

**Dalta bunscoile**
Táimid le daoine atá ar chomhaois linn féin agus atá in ann cabhrú leat agus a mbíonn a fhios acu cad atá á dhéanamh agat.

**Dalta bunscoile**
Bhí an scoil deacair dom i gcónaí agus tá sé an-deacair dom anois.

**Scoláire iar-bhunscoile**
B'fhearr liom seomra ranga gnóthach agus rang comhoibritheach. Níl sé tairbheach a bheith ag foghlaim leat féin.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Is breá liomsa plé grúpa. Má tá tú ag glacadh nótaí, glacann sé am. Is mór an spraoi an plé. Tá an spraoi in easnamh.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Ní spreagann faighneoga (ranganna breise) an fhoghlaim.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Is maith liom gan a bheith ag obair i ngrúpaí

### *Imní faoi bhearnaí sa bhfoghlaim*

Labhair scoláirí sa tsraith shóisearach go háirithe faoi imní a bheith orthu i dtaobh bhearnaí sa bhfoghlaim. Labhair scoláirí sa tríú agus sa séú bliain faoin imní agus faoin éiginnteacht a mhothaigh siad maidir le measúnaithe rangbhunaithe (MRB) agus na scrúduithe Teastais. Labhair cuid de na scoláirí sinsearacha faoina n-aistear pearsanta foghlama féin, áfach, agus faoin gcaoi a ndearna siad bainistiú ar a bhfoghlaim féin. Thug dúnadh na scoile agus am breise lasmuigh den seomra ranga deis do scoláirí eile machnamh a dhéanamh ar a ndearcadh féin agus ar a n-inniúlachtaí foghlama.

**Scoláire iar-bhunscoile**
(Tríú bliain)

Níl muid cinnte faoi na scrúduithe, níl aon rud cinnte. (Tá) a lán múinteoirí ag caint faoin rud a cheapann siad a tharlóidh.

**Dalta bunscoile**
Dá mhéid ama a chaithimid ar ais is mó an méid oibre a dhéanaimid. Cabhraíonn sé seo liom a mhothú go bhfuil níos mó oideachais agam. Rinne an múinteoir teist rang a cúig agus chabhraigh sé sin liom a fheiceáil cad is gá dom a dhéanamh.

**Dalta bunscoile**
Tá gach duine ag déileáil le rudaí ar bhealaí éagsúla.

**Dalta bunscoile**
Ní mhothaím go bhfuair mé go leor oideachais anuraidh.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Mar gheall ar na gráid ríofa agus an éiginnteacht chuir na múinteoirí i bhfad níos mó oibre orainn. Tá sé sin laghdaithe beagán. Theastaigh an-chuid oibre ó na múinteoirí le grádú.

### *Teicneolaíocht agus foghlaim*

Labhair daltaí  agus scoláirí go dearfach sna grúpaí fócais faoi úsáid athraithe agus méadaithe na dteicneolaíochtaí digiteacha ag a múinteoirí le tacú lena bhfoghlaim. Den chuid is mó, bhí siad sásta go raibh teicneolaíochtaí digiteacha tugtha isteach agus go raibh níos mó úsáide á baint as fearais sa seomra ranga. D'fháiltigh siad roimhe agus mhol siad a scoileanna as an solúbthacht agus an luas lenar ghlac na scoileanna agus na múinteoirí le cuir chuige digiteacha i leith na foghlama. Mar sin féin, dúirt roinnt scoláirí gur mhaith leo go

mbainfí níos mó úsáide as deiseanna foghlama digiteacha agus go ndéanfaí iad a fhorbairt ina ranganna.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Chabhraigh an t-aistriú digiteach go mór liom oiriúniú. Tugann múinteoirí treoracha ag glacadh leis go bhfuil gach duine in ann é a dhéanamh agus ní mar sin a bhí.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Ba cheart dóibh (na scoileanna) níos mó fón póca a cheadú. Ní bhíonn cuid de na múinteoirí i gcomhréir maidir le fóin. Bíonn eagla ar an scoil go bhfuil tú ag taifeadadh. Ba cheart breathnú air seo.

**Dalta bunscoile**
Is maith liom an aip. Is féidir leat do ghuth a úsáid chun na freagraí a thabhairt don mhúinteoir; is féidir leat téacs a chur agus pictiúir a ghlacadh de do chuid oibre.


**Dalta bunscoile**
Tá trealamh nua againn don Chorpoideachas agus ríomhairí glúine don Bhéarla.

**Dalta bunscoile**
Tá ríomhairí á n-úsáid againn chun taighde a dhéanamh ar thionscadail agus is maith linn an obair sin.

# 6. Aiseolas ó na grúpaí fócais: Éifeacht agus tionchar

## 6.1 Samhail Rannpháirtíochta Lundy agus tionscadal na ngrúpaí fócais

Nuair a bhí gníomhaíocht na ngrúpaí fócais á bpleanáil, de réir Shamhail Lundy, beartaíodh céimeanna áirithe a ghlacadh d'fhonn a chinntiú go dtabharfaí an aird chuí ar phrionsabal tábhachtach an 'Tionchair'.





**Samhail Rannpháirtíochta Lundy**[5]

Bhí an-fhonn ar na rannpháirtithe go léir go gcoinneofaí ar an eolas iad leis an Roinn ionas go mbeadh siad eolach ar thionchar a n-aiseolais.

[5] Bunaithe ar Shamhail Rannpháirtíochta Lundy in Lundy, L. (2007) 'Voice is not enough: Conceptualizing Article 12 of the UNCRC', British Educational Research Journal, Iml. 33, Uimh. 6, lgh. 927-42

## 6.2 Straitéisí aiseolais




Sainaithníodh trí straitéis aiseolais don tionscadal seo:

- Aiseolas áitiúil ar scoil: aiseolas comhaontaithe chuig príomhoide na scoile ag eascairt as cruinniú an ghrúpa fócais
- Aiseolas chuig an gcóras: aiseolas chuig an Roinn maidir le saincheisteanna tábhachtacha
- Aiseolas chuig scoileanna na ngrúpaí fócais: aiseolas chuig rannpháirtithe na ngrúpaí fócais maidir le tionchar na ngrúpaí fócais, de réir phrionsabail Shamhail Lundy, le cur i bhfeidhm ag conclúid an tionscadail.

# 7. Conclúid

Ba í aidhm thionscadal ghuth an scoláire guth agus deis oscailte a thabhairt do dhaltaí agus scoláirí a dtaithí ar bheith ar scoil ó mhí Mheán Fómhair 2020 a roinnt le cigirí. Reáchtáladh na grúpaí fócais le daltaí agus scoláirí i mí na Samhna 2020 de réir na bprionsabail atá i Samhail Rannpháirtíochta Leanaí Lundy.

Tháinig a lán de na téamaí a d'eascair as na grúpaí fócais i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair chun tosaigh arís le déine bhreise. Léirigh na daltaí agus na scoláirí tuiscint bhreise ar na rialacha a bhain le COVID-19 agus ar thionchar na paindéime ar a dtaithí ar an scoil. Roinn na daltaí agus na scoláirí tuiscintí luachmhara maidir leis na cuir chuige teagaisc is fearr a thug tacaíocht dá gcuid foghlama. Roinn siad moltaí luachmhara chomh maith maidir le conas a d'fhéadfaí tacú lena bhfoghlaim agus lena bhfolláine i gcomhthéacs na paindéime. Chuir siad béim go háirithe ar thábhacht na hoibre comhoibrithí agus praiticiúla agus ar an ngá atá le hiad a bheith rannpháirteach i gcinntí a théann i bhfeidhm orthu. Cé go raibh líon na scoileanna, na ndaltaí agus na scoláirí a ghlac páirt sa tionscadal beag, tá na torthaí tábhachtach mar sin féin do na rannpháirtithe féin, do na scoileanna go ginearálta agus don Chigireacht agus don Roinn ar an iomlán.

Ba theachtaireacht thábhachtach ó na daltaí agus na scoláirí le linn na ngrúpaí fócais i mí na Samhna 2020 is ea, in ainneoin na srianta a eascraíonn as COVID-19, go bhfuil sé an-tábhachtach dóibh ó thaobh folláine, sóisialú agus foghlama a bheith ar scoil. Bhí na daltaí agus na scoláirí an-sásta a bheith ar scoil agus chuir siad in iúl go raibh tuiscint nua acu ar obair na scoileanna agus na múinteoirí agus go raibh siad buíoch astu. Thug siad le fios chomh maith gur fearr leo go mór a bheith ar scoil ná ag obair ón mbaile.

Mar a bhí i dtuairisc mhí Mheán Fómhair 2020, cuireadh béim sna buaicphointí chomh maith ar roinnt réimsí atá le meas ag na scoileanna, agus le forbairt níos mó mar is gá, agus iad ar a ndícheall le cinntiú go mbíonn eispéiris teagaisc agus foghlama chomh fónta agus is féidir do leanaí agus do dhaoine óga i gcomhthéacs scolaíochta aghaidh ar aghaidh le linn aimsir na paindéime.

# Aguisín A: Breis faisnéise maidir le tagairtí tábhachtacha sa tuairisc seo

**Samhail Rannpháirtíochta Lundy**
https://www.gov.ie/en/publication/9128db-national-strategy-on-children-and-young-peoples-participation-in-dec/

*Tá Straitéis Náisiúnta na hÉireann maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020 (An Roinn Oideachais agus Gnóthaí Óige, 2015)*, faoi threoir ag Samhail Rannpháirtíochta Lundy. Tá treoirphrionsabail shamhail Lundy mar bhonn agus mar thaca ag an dearcadh go gcaithfear, sula bhféadfaidh duine tuairim a chur in iúl, deis a thabhairt don duine an tuairim sin a chur le chéile.

Is iad seo a leanas ceithre phrionsabal Lundy:

1. Spás: ní mór deiseanna sábháilte, cuimsitheacha a thabhairt do leanaí chun a dtuairim a chumadh agus a chur in iúl
2. Guth: ní mór an deis chun a dtuairim a chur in iúl a éascú do leanaí
3. Lucht éisteachta: ní mór éisteacht leis an tuairim
4. Tionchar: ní mór gníomhú ar an tuairim mar is cuí

**Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh**

https://www.ohchr.org/en/professionalinterest/pages/crc.aspx

https://www.oco.ie/childrens-rights/un-convention/

Tá daichead a haon airteagal sa choinbhinsiún (UNCRC), agus sonraítear cineál éagsúil cirt i ngach ceann díobh. Ní rangaítear na hairteagail in ord tábhachta; ina áit sin, bíonn siad ag idirghníomhú le chéile le tacar comhtháite amháin de chearta a dhéanamh. Shínigh Éire an UNCRC fiche a hocht bliain ó shin sa bhliain 1992 agus leis sin, aithníodh gur 'sealbhóirí cearta' iad leanaí faoi bhun ocht mbliana déag d'aois agus gur ceart cosaint agus urraim a thabhairt dá gcearta agus iad a fhíorú.

Luaitear Airteagal 12, go háirithe, i bplé faoin oideachas. Deir sé "cinnteoidh Páirtithe Stáit don leanbh atá in ann a tuairimí féin a chumadh an ceart chun na tuairimí sin a chur in iúl gan srian i ngach ceist a bhaineann leis an leanbh, agus cuirfear an bhéim chuí ar thuairimí an linbh de réir aoise agus aibíochta an linbh."

**Ár nGuthanna Ár Scoileanna**
https://www.ourvoicesourschools.ie

*Ár nGuthanna Ár Scoileanna*, acmhainn ar líne atá ann, le hurraíocht ón DCYA (An Roinn Leanaí) le tacú le scoileanna le héisteacht le daoine óga agus tacú lena rannpháirtíocht i gcinnteoireacht a mbíonn tionchar aige orthu ar scoil. Is toradh é ar chinneadh a rinne Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg 2016/17 le díriú go háirithe ar an gcomhionannas i suíomh na scoile. *Tá Ár nGuthanna Ár Scoileanna dírithe ar chur chuige bunaithe ar chearta maidir le leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht agus tá Samhail Rannpháirtíochta Lundy mar bhonn leis.*

# Aguisín B : Réasúnaíocht an ghrúpa fócais

Cuireann grúpaí fócais cur chuige cáilíochtúil ar fáil le miontuiscint a fháil ar shaincheisteanna ar leith. Úsáidtear ceisteanna oscailte le plé grúpa a éascú mar a nglacann na cigirí ról imeallach mar mhodhnóirí agus mar thaifeadóirí. Is bunphrionsabal é go dtagadh an plé chun cinn trí idirghabháil na rannpháirtithe, seachas a bheith tiomáinte nó treoraithe le ceisteanna sonracha nó ag riachtanais faisnéise an lucht eagartha. Bíonn na rannpháirtithe i ngrúpaí a roghnaítear d'aon toisc, seachas mar shampla ionadaíoch staitistiúil.

Rinneadh na grúpaí fócais a phleanáil agus a stiúradh ag úsáid modheolaíochta a eascraíonn as prionsabail Shamhail Rannpháirtíochta Lundy agus cur chuige bunaithe ar chearta Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC)[6]. Ghlac na cigirí a bhí rannpháirteach i dTionscadal na nGrúpaí Fócais (foireann na ngrúpaí fócais) páirt i gceardlann faoi cheannas Anne O'Donnell, Bainisteoir Hub na nÓg, a phléigh agus a threisigh na prionsabail treoracha maidir le rannpháirtíocht na leanaí agus oibleagáidí na Cigireachta maidir le cearta na leanaí a dhearbhú. Chomh maith leis sin, tá sainchomhairle faighte ag an gCigireacht maidir le grúpaí fócais ó chian (ar líne) a stiúradh le daoine óga.

Ba rogha maith é an cinneadh grúpaí fócais a úsáid le daltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile le linn tréimhse Mhéan Fómhair-Nollaig 2020 chun plé a éascú. Gnóthaíodh a lán léargas ar thaithí leanaí agus daoine óga ar fhilleadh ar an scolaíocht agus ar a n-eispéireas den obair scoile agus den fhoghlaim tríd an gcur chuige seo.

[6] Tá tagairtí ar fáil ar Aguisín A.